Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 15 Aibreán 2026**
**(OR. en)**

**8225/26**
**ADD 1**

**EF 116**
**ECOFIN 479**
**DELACT 71**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 14 Aibreán 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2026) 2300 annex |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINN<br>a ghabhann le<br>Rialachán Tarmligthe (AE)..../.... ón gCoimisiún<br>lena bhforlíontar Treoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le caighdeáin theicniúla rialála lena sonraítear na critéir atá le cur san áireamh agus beartais forghníomhaithe orduithe gnólachtaí infheistíochta á mbunú agus measúnú á dhéanamh ar a n-éifeachtacht agus lena n-aisghairtear Rialacháin Tharmligthe (AE) 2017/575 agus (AE) 2017/576 |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2026) 2300 annex.

---

Faoi iamh: C(2026) 2300 annex

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 14.4.2026
C(2026) 2300 final

ANNEX

**IARSCRÍBHINN**

**a ghabhann le**

**Rialachán Tarmligthe (AE)..../.... ón gCoimisiún**

**lena bhforlíontar Treoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le caighdeáin theicniúla rialála lena sonraítear na critéir atá le cur san áireamh agus beartais forghníomhaithe orduithe gnólachtaí infheistíochta á mbunú agus measúnú á dhéanamh ar a n-éifeachtacht agus lena n-aisghairtear Rialacháin Tharmligthe (AE) 2017/575 agus (AE) 2017/576**

# IARSCRÍBHINN

| | | |
|---|---|---|
| (a) | Scaireanna agus admhálacha taisclainne | ‘Scaireanna agus admhálacha taisclainne’ dá dtagraítear in Airteagal 4(1), pointe (44)(a), de Threoir 2014/65/AE. |
| (b) | Cistí arna dtrádáil ar an malartán, nótaí arna dtrádáil ar an malartán agus tráchtearraí arna dtrádáil ar an malartán | ‘Cistí arna dtrádáil ar an malartán’ mar a shainmhínítear in Airteagal 4(1), pointe (46), de Threoir 2014/65/AE.<br>‘Tráchtearraí arna dtrádáil ar an malartán’ agus ‘nótaí arna dtrádáil ar an malartán’ dá dtagraítear i dTábla 2, an tríú ró, an tríú colún d’Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/583 ón gCoimisiún[1] agus a shonraítear a thuilleadh i dTábla 2.4 de Roinn 2 d’Iarscríbhinn III a ghabhann leis. |
| (c) | Deimhnithe agus ionstraimí airgeadais eile atá cosúil le cothromas | ‘Deimhnithe’ mar a shainmhínítear in Airteagal 2(1), pointe (27), de Rialachán (AE) Uimh. 600/2014[2].<br>‘Ionstraim airgeadais eile atá cosúil le cothromas’ dá dtagraítear i dTábla 2, an ceathrú ró, an dara colún, d’Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/587 ón gCoimisiún[3]. |
| (d) | Bannaí agus ionstraimí margaidh airgid | ‘Bannaí’ dá dtagraítear in Airteagal 4(1), pointe (44)(b), de Threoir 2014/65/AE.<br>‘Ionstraimí margaidh airgid’ mar a shainmhínítear in Airteagal 4(1), pointe (17), de Threoir 2014/65/AE. |
| (e) | Táirgí airgeadais struchtúrtha | ‘Táirgí airgeadais struchtúrtha’ mar a shainmhínítear in Airteagal 2(1), pointe (28), |

1 Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/583 ón gCoimisiún an 14 Iúil 2016 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le margaí in ionstraimí airgeadais a mhéid a bhaineann le caighdeáin theicniúla rialála i dtaca le ceanglais trédhearcachta le haghaidh ionaid trádála agus gnólachtaí infheistíochta i leith bannaí, táirgí airgeadais struchtúrtha, lamháltais astaíochtaí agus díorthach (IO L 87, 31.3.2017, lch. 229, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2017/583/oj).

2 Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir le margaí in ionstraimí airgeadais agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 (IO L 173, 12.6.2014, lch. 84, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2014/600/oj).

3 Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/587 ón gCoimisiún an 14 Iúil 2016 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le margaí in ionstraimí airgeadais a mhéid a bhaineann le caighdeáin theicniúla rialála i dtaca le ceanglais trédhearcachta le haghaidh ionaid trádála agus gnólachtaí infheistíochta i leith scaireanna, admhálacha taisclainne, cistí arna dtrádáil ar an malartán, deimhnithe agus ionstraimí airgeadais comhchosúla eile agus i dtaca le hoibleagáidí forghníomhaithe idirbheart i leith scaireanna áirithe ar ionad trádála nó le hinmheánaitheoir córasach (IO L 87, 31.3.2017, lch. 387, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2017/587/oj).

| | | |
|---|---|---|
| | | de Rialachán (AE) Uimh. 600/2014. |
| (f) | Roghanna agus todhchaíochtaí a ligtear isteach chun a dtrádála ar ionad trádála | ‘Roghanna’ agus ‘todhchaíochtaí’ dá dtagraítear i Roinn C, pointí (4) go (7) agus (10) d’Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2014/65/AE. |
| (g) | Díorthaigh eile | Ionstraimí airgeadais dá dtagraítear i Roinn C, pointí (4) go (8) agus (10) d’Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2014/65/AE, seachas roghanna agus todhchaíochtaí a ligtear isteach chun a dtrádála ar ionad trádála. |
| (h) | Conarthaí difríochta airgeadais | ‘Conarthaí difríochta airgeadais’ dá dtagraítear i Roinn C (9) d’Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2014/65/AE. |
| (i) | Lamháltais astaíochtaí | ‘Lamháltais astaíochtaí’ dá dtagraítear i Roinn C (11) d’Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2014/65/AE. |
| (j) | Ionstraimí eile | Ionstraimí airgeadais nach dtagann faoi réim an tsainmhínithe ar na haicmí dá dtagraítear i bpointí (a) go (i). |